# Cuntais Sage do Ghairmscoileanna Treoir Mhearthagartha

Cairt na gCuntas á nuashonrú

## Cairt na gCuntas don Scoilbhliain 2024/2025 a nuashonrú

Nuashonraíodh cairt na gcuntas don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2025. Tá liosta de na hathruithe leagtha amach sna táblaí atá in Aguisín 1 a ghabhann leis an Treoirlíne 'Nuashonrú ar Chairt na gCuntas FSSU' (Leagan Athbhreithnithe, Meán Fómhair 2024).

Leagtar amach thíos na céimeanna maidir le conas;

1: Conas cuntas ainmniúil nua á chruthú.

2: Plé le cuntais ainmniúla nár chóir iad a úsáid i gCairt na gCuntas a thuilleadh

3: Athraigh an tuairisc ar chuntas ainmniúil.

## 1. Conas cód ainmniúil nua a chruthú


**Féach an liosta de chuntais ainmniúla nua atá le cruthú i dTábla A den treoirlíne:**
Cairt na gCuntas FSSU (Leagan athbhreithnithe, Meán Fómhair 2024)


### Cód cuntais ainmniúil nua a chruthú

### Cód samplach 4929 le haghaidh "Costas Maoinithe Stáit eile"

- Gabh chuig Cóid Ainmniúla > Draoi agus osclaítear an Fhuinneog 'Cód Ainmniúil Nua'
- Ainm: Cuir isteach an tuairisc- Costas Maoinithe Stáit Eile
- Roghnaigh Cineál agus Catagóir mar a thaispeántar i dTreoirlíne Chairt na gCuntas – Tábla A:

Chun an Cineál a roghnú: cliceáil ar an saighead aníos agus ag scrollú síos, roghnaigh Caiteachas






Chun an Catagóir a roghnú: Roghnaigh ‘Caiteachas Oideachais Eile’

- N/C: Cuir isteach an chóduimhir chuntais ábhartha (4929)
- Cliceáil ar ‘Ar aghaidh’ > Roghnaigh **“Ní hea, níl aon iarmhéid tosaigh le hiontráil”**
- Cliceáil ar Chruthaigh

## 2. Conas plé le Cuntais Ainmniúla nár chóir iad a úsáid i gCairt na gCuntas a thuilleadh

**Féach an liosta i dTábla B de na treoirlínte:**
Cairt na gCuntas FSSU (Leagan athbhreithnithe, Meán Fómhair 2024).


### Is féidir cóid ainmniúla nach bhfuil idirbheart ar bith luaite leo sa mhórleabhar a scriosadh

Mar shampla níl idirbheart ar bith breactha go dtí an cuntas i leith an chóid tacair sonraí 4197.

Chun an cód seo a scriosadh:

Gabh chuig cóid Ainmniúla > roghnaigh cód 4197

Cliceáil an cnaipe 'scrios' ar an mbarra uirlisí





Deimhnigh 'Is ea' más mian leat é a scriosadh

### Ní féidir cóid ainmniúla a bhfuil idirbhearta luaite leo sa mhórleabhar a scriosadh

Mar shampla tá idirbhearta breactha go dtí an cuntas i leith an chóid tacair sonraí 3282

Gabh chuig cóid Ainmniúla > roghnaigh cód 3282

Má roghnaítear an cnaipe 'scrios' taispeánfaidh an córas an teachtaireacht seo a leanas





Cliceáil ar 'Ceart go leor'

## Is é an rogha atá ann anois ná an tuairisc a athrú tríd an treoir NÁ hÚSÁID a chur leis

Cóid Ainmniúla > roghnaigh cód 3282 > cliceáil ar 'Cuir in eagar'

- Athraigh an t-ainm trí (NÁ hÚSÁID) a chur leis
- Cliceáil an bosca Neamhghníomhach





Cliceáil ar 'Sábháil'

## 3. Conas an tuairisc ar chuntas ainmniúil a athrú


**Féach liosta na n-athruithe ar an tuairisc ar na cuntais ainmniúla i dTábla C den treoirlíne:** “Cairt na gCuntas FSSU (Leagan athbhreithnithe, Meán Fómhair 2024)”.

I dTábla C – Is é an chéad cuntas a athainmnítear ná cód 3150, go “Ioncam ó Dheontas Leabhar na Sraithe Sinsearaí”

- Gabh chuig cóid Ainmniúla > roghnaigh cód 3150 > cliceáil ar ‘Cuir in eagar’




- Cliceáil san ainm agus athraigh go ‘Ioncam ó Dheontas Leabhar na Sraithe Sinsearaí’




- Cliceáil ar ‘Sábháil’